Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12806/26**

**DELACT 137**
**PECHE 327**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6205 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 4.9.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (*Delphinus delphis*) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6205 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6205 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.9.2026
C(2026) 6205 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 4.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (*Delphinus delphis*) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2019/1241[1], foráiltear gur cheart do bhearta teicniúla, *inter alia*, rannchuidiú leis an gcuspóir maidir lena áirithiú go n-íoslaghdófar gabhálacha de thaisme de speicis mhuirí íogaire, lena n-áirítear na cinn sin a liostaítear i dTreoracha 92/43/CEE[2] agus 2009/147/CE[3], a ghabhtar de thoradh iascaireachta, agus, nuair is féidir, go gcuirfear deireadh leo sa chaoi nach bagairt ar stádas caomhnaithe na speiceas sin iad.

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun sainiúlachtaí réigiúnacha na n-iascach ábhartha a chur san áireamh, trí na bearta teicniúla a leagtar amach sna hIarscríbhinní a leasú, a fhorlíonadh, a aisghairm, nó tríd na bearta teicniúla sin a mhaolú, i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán sin agus i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[4].

Leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 bearta teicniúla arna mbunú ar an leibhéal réigiúnach le haghaidh speicis íogaire. Le pointe 3 den Iarscríbhinn sin, ceanglaítear ar na Ballstáit moltaí comhpháirteacha a chur isteach maidir le bearta maolaithe breise chun gabhálacha de thaisme de speicis íogaire a laghdú i gcás ina léirítear le fianaise eolaíoch bhailíochtaithe an tionchar diúltach a bhíonn ag trealamh iascaireachta ar speicis den sórt sin. Ceanglaítear le pointí 2 agus 4 den Iarscríbhinn sin freisin ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun sonraí eolaíocha a bhailiú i ndáil le gabhálacha de thaisme de speicis íogaire agus chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe a bhunaítear faoin Iarscríbhinn.

Foráiltear le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/1241, maidir le moladh comhpháirteach a chuirtear isteach chun na bearta dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a ghlacadh, i ndáil le speicis íogaire agus gnáthóga íogaire a chosaint, go bhféadfar (i) a shonrú ann úsáid beart breise nó malartach ar na bearta sin dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII chun íoslaghdú a dhéanamh ar ghabhálacha de thaisme de na speicis dá dtagraítear in Airteagal 11; (ii) faisnéis a thabhairt maidir lena éifeachtaí atá na bearta maolaithe agus na socruithe faireacháin atá ann cheana agus; (iii) sonrú a dhéanamh ar na srianta ar threalamh áirithe a oibriú nó toirmeasc iomlán ar úsáid trealaimh iascaireachta áirithe a thabhairt isteach i limistéar inar bagairt trealamh den sórt sin ar stádas caomhnaithe na speiceas sa limistéar sin dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 nó ar ghnáthóga íogaire eile. Le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1241, tagraítear

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

[2] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

[3] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

do na mamaigh mhuirí nó na reiptílí muirí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus do speicis d'éanlaith mhara a chumhdaítear le Treoir 2009/147/CE.

Is speiceas atá faoi dhianchosaint í an deilf choiteann (*Delphinus delphis*) de réir Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE, ina liostaítear na céiticigh uile mar speicis ar leas an Chomhphobail a bhfuil dianchosaint de dhíth orthu. Idir 2017 agus 2023, ba é 4700 an meánráta básmhaireachta bliantúil measta deilfeanna coiteanna feadh chósta na Fraince de Bhá na Bioscáine[5]. Ina theannta sin, léirigh 66 % de chonablaigh chéiticeacha sáinnithe sa Fhrainc fianaise ar idirghníomhaíocht le trealamh iascaireachta. Dá bhrí sin, meastar gur bagairt iad na gabhálacha de thaisme do chaomhnú na speiceas sin.

An 30 Meán Fómhair 2024, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 1380/2013, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3089 ón gCoimisiún[6] lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Leis an Rialachán Tarmligthe sin, tugadh isteach, go dtí an 31 Nollaig 2025, tréimhse choiscthe iascaireachta sheasta ón 22 Eanáir go dtí an 20 Feabhra, úsáid éigeantach fuaimghaireas bactha le haghaidh trealaimh áirithe chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna a laghdú, agus bearta faireacháin chun feabhas a chur ar an eolas ar idirghníomhaíochtaí idir céiticigh agus gníomhaíochtaí iascaireachta i mBá na Bioscáine (folimistéar 8 CITM). Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2593 ón gCoimisiún[7], cuireadh síneadh leis na bearta sin go dtí an 31 Nollaig 2026.

De réir Pelagis, faireachlann na Fraince um chaomhnú meigeafhána muirí agus éan mara, tháinig laghdú ar an líon iomlán sáinneacha deilfeanna coiteanna in 2024 agus 2025 i gcomparáid leis an tréimhse thagartha (2017-2023)[5].

An 12 Meitheamh 2026, chuir Grúpa Ardleibhéil Uiscí an Iardheiscirt (an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Phortaingéil) moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 1380/2013. Moltar sa mholadh comhpháirteach córas coiscthe iascaireachta trínar féidir le máistrí soithí de chuid an Aontais tréimhse choiscthe mhalartach 30 lá as a chéile a roghnú idir an 15 Eanáir agus an 27 Feabhra 2027, ar choinníoll go dtabharfaidh siad fógra faoi do na húdaráis inniúla tráth nach déanaí ná an 8 Eanáir 2027. In éagmais fógra den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse choiscthe réamhshocraithe ón 22 Eanáir go dtí an 20 Feabhra 2027. Tá sé beartaithe leis an gcóras coiscthe iascaireachta solúbthacht oibríochtúil d'earnáil na hiascaireachta a mhéadú, agus ar an gcaoi sin tionchair eacnamaíocha a laghdú agus leanúint den tréimhse ina bhfuil riosca ard foghabhála a chumhdach ag an am céanna; agus freagraíonn sé d'iarraidh dhíreach ón earnáil iascaireachta an t-iamh iascaireachta a oiriúnú níos fearr le gníomhaíochtaí iascaireachta[8]. Sa mholadh comhpháirteach, mhol na Ballstáit freisin síneadh a chur, go dtí an

[5] Peltier Hélène, Authier Matthieu, Dars Cécile, Wund Sarah, Spitz Jérôme. Pelagis, Ollscoil La Rochelle (2025). Bilan des mortalités par capture : hiver 2025 (https://www.actu-environnement.com/media/pdf/news-47155-bilan-pelagis-mortalite-cetaces-golfe-gascogne-2025.pdf).

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3089 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (Delphinus delphis) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine (IO L, 2024/3089, 9.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3089/oj).

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2593 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fad a chur leis na bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (Delphinus delphis) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine (IO L, 2025/2593, 23.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2593/oj).

[8] SWWAC(2026). Tuairim 187 a eisíodh i gcomhthéacs fhorbairt an mholta chomhpháirtigh maidir le bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna a laghdú i mBá na Bioscáine (https://cc-sud.eu/wp-content/uploads/2026/05/Avis187-cetaces-0526-FR.pdf).

31 Nollaig 2027, le húsáid fuaimghaireas bactha agus beart faireacháin dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2593.

Ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige ón 6 go dtí an10 Iúil 2026[9], mheas an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (‘CETEI’) na bearta a moladh sa mholadh comhpháirteach agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil feidhm fós ag an measúnú ar an moladh comhpháirteach a rinneadh roimhe seo le linn PLEN 24-02, is é sin gur cheart do na bearta atá beartaithe rannchuidiú le gabhálacha de thaisme a laghdú. Mar sin féin, thug CETEI dá aire nach bhfuil na bearta sin chomh dian céanna leis na bearta a mhol an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (‘CITM’)[10], agus chuir sé ábhair imní in iúl maidir leis an tionchar ar bhásmhaireacht deilfeanna de thionscnamh an trealaimh agus na limistéar atá díolmhaithe ón iamh. Mheas CETEI freisin go bhféadfaí cumhdach níos fearr a dhéanamh ach tréimhse choiscthe 2 mhí a bheith ann, mar a mhol CITM, ach gur dócha go mbeadh tionchair mhóra shóisialta agus eacnamaíocha aici. Ina theannta sin, tháinig CETEI ar an gconclúid nach féidir éifeacht an mhodhnaithe atá beartaithe ar dhearadh an iaimh spásúil-ama a thuar toisc go bhfuil uainiú bhuaic na hidirghníomhaíochta idir an cabhlach iascaireachta agus deilfeanna ró-athraitheach i gcaitheamh na mblianta. Thug CETEI dá aire go bhféadfaí na tionchair eacnamaíocha ar an gcabhlach iascaireachta a mhaolú agus comhlíonadh a chur chun cinn dá dtabharfaí isteach solúbthacht maidir le huainiú an choiscthe, agus go bhfuil sé ríthábhachtach fógra luath a thabhairt d’údaráis na mBallstát faoi na tréimhsí iascaireachta a roghnaíodh chun dóthain ama a fhágáil chun na bearta rialaithe is gá a chur chun feidhme. Ar deireadh, aithníonn CETEI go bhfuil feabhas mór curtha ag an taighde fairsing a rinneadh le blianta beaga anuas ar an tuiscint ar éiceolaíocht an speicis agus ar a idirghníomhú le hiascaigh, lena n-áirítear trí theorannú spásúil níos beaichte ar limistéir ardriosca; agus gur cosúil gur réiteach costéifeachtach é córas faireacháin leictreonaigh a fhorbairt agus a thástáil chun sonraí iontaofa a bhailiú le cumhdach i bhfad níos leithne.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 22 Bealtaine 2026 d’eisigh Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt tuairim maidir le dréacht nach mór críochnaitheach den mholadh comhpháirteach. Sa tuairim uaidh, mhol Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt, i measc nithe eile, iamh solúbtha iascaireachta ina bhféadfaidh iascairí tréimhse choiscthe 30 lá as a chéile a roghnú laistigh den tréimhse riosca ardghabhála.

D’fhreastail Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt agus an Chomhairle Chomhairleach Pheiligeach araon go páirteach ar chruinnithe teicniúla Ghrúpa Ardleibhéil Uiscí an Iardheiscirt.

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú an 26 Lúnasa 2026.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### Achoimre ar an ngníomhaíocht

Leis an ngníomh tarmligthe, leasaítear na bearta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 trí thréimhse choiscthe iascaireachta a shocrú agus trí

9 CETEI(2026). An 82ú tuarascáil iomlánach (STECF-PLEN-26-02), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2026, https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf_plen_26-02.

10 CITM (2023). Iarraidh ón Aontas maidir le bearta maolaithe chun foghabhálacha deilfeanna coiteanna (Delphinus delphis) a laghdú i mBá na Bioscáine (folimistéar 8 CITM), https://doi.org/10.17895/ices.advice.23515176.

shíneadh a chur le húsáid fuaimghaireas bactha agus beart faireacháin go dtí an 31 Nollaig 2027, i mBá na Bioscáine (folimistéar 8 CITM).

**Bunús Dlí**

Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (*Delphinus delphis*) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1241 leagtar síos bearta teicniúla a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais. In Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis sin, foráiltear do na rialacha ar an leibhéal réigiúnach maidir le bearta maolaithe chun gabhálacha de thaisme de speicis íogaire, lena n-áirítear céiticigh, a laghdú, trí limistéir shrianta, tréimhsí agus teorainneacha trealaimh a shonrú.

(2) I measc nithe eile, déantar foráil sa Rialachán sin maidir le bearta sonracha chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna agus céiticeach beag eile i mBá na Bioscáine a laghdú (folimistéar 8 CITM). Ar na bearta sin, tá: (i) fuaimghairis bhactha a úsáid le haghaidh na dtrál peiligigh meánuisce agus na dtrál grinnill dúbailte uile, (ii) iamh iascaireachta ón 22 Eanáir go dtí an 20 Feabhra agus (iii) sraith beart coimhdeach chun sonraí eolaíocha a bhailiú maidir le gabhálacha céiticeach beag de thaisme sa logleabhar, chomh maith le taifeadtaí a dhéantar trí chéatadáin áirithe den iarracht iascaireachta a chumhdach le breathnóirí nó le córais faireacháin leictreonacha ina n-ionchorpraítear ceamaraí ar bord.

(3) Maidir leis na bearta sonracha sin, a tugadh isteach i Rialachán (AE) 2019/1241 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3089 ón gCoimisiún[2] agus ar cuireadh síneadh leo le

[1] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3089 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna

Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2593 ón gCoimisiún[3], rachaidh siad in éag an 31 Nollaig 2026.

(4) An 12 Meitheamh 2026, chuir Grúpa Ardleibhéil Uiscí an Iardheiscirt (an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Phortaingéil) moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 1380/2013. Moltar sa mholadh comhpháirteach córas coiscthe iascaireachta trínar féidir le máistrí soithí de chuid an Aontais tréimhse choiscthe mhalartach 30 lá as a chéile a roghnú idir an 15 Eanáir agus an 27 Feabhra 2027, ar choinníoll go dtabharfaidh siad fógra faoi do na húdaráis inniúla tráth nach déanaí ná an 8 Eanáir 2027. In éagmais fógra den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse choiscthe réamhshocraithe ón 22 Eanáir go dtí an 20 Feabhra 2027. Tá sé beartaithe leis an gcóras coiscthe iascaireachta solúbthacht oibríochtúil d'earnáil na hiascaireachta a mhéadú, agus ar an gcaoi sin tionchair eacnamaíocha a laghdú agus leanúint den tréimhse ina bhfuil riosca ard foghabhála a chumhdach ag an am céanna. Sa mholadh comhpháirteach, mhol na Ballstáit freisin síneadh a chur, go dtí an 31 Nollaig 2027, le húsáid fuaimghaireas bactha agus beart faireacháin dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2593.

(5) Agus an moladh comhpháirteach á ullmhú, thug Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt tuairim maidir leis an dréacht nach mór críochnaitheach[4]. Sa tuairim uaidh, mhol Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt, i measc nithe eile, iamh solúbtha iascaireachta ina bhféadfaidh iascairí tréimhse choiscthe 30 lá as a chéile a roghnú laistigh den tréimhse riosca ardghabhála.

(6) Ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige ón 6 go dtí an10 Iúil 2026[5], mheas an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ('CETEI') na bearta a moladh sa mholadh comhpháirteach agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil feidhm fós ag an measúnú ar an moladh comhpháirteach a rinneadh roimhe seo le linn PLEN 24-02, is é sin gur cheart do na bearta atá beartaithe rannchuidiú le gabhálacha de thaisme a laghdú. Mar sin féin, thug CETEI dá aire nach bhfuil na bearta sin chomh dian céanna leis na bearta a mhol an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ('CITM')[6], agus chuir sé ábhair imní in iúl maidir leis an tionchar ar bhásmhaireacht deilfeanna de thionscnamh an trealaimh agus na limistéar atá díolmhaithe ón iamh. Mheas CETEI freisin go bhféadfaí cumhdach níos fearr a dhéanamh ach tréimhse choiscthe 2 mhí a bheith ann, mar a mhol CITM, ach gur dócha go mbeadh tionchair mhóra shóisialta agus eacnamaíocha aici. Ina theannta sin, tháinig CETEI ar an gconclúid nach féidir éifeacht an mhodhnaithe atá beartaithe ar dhearadh an iaimh spásúil-ama a thuar toisc go bhfuil uainiú bhuaic na hidirghníomhaíochta idir an cabhlach iascaireachta agus deilfeanna ró-athraitheach i gcaitheamh na mblianta. Thug

coiteanna (Delphinus delphis) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine (IO L, 2024/3089, 9.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3089/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2593 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fad a chur leis na bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (Delphinus delphis) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine (IO L, 2025/2593, 23.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2593/oj).

4 SWWAC(2026). Tuairim 187 a eisíodh i gcomhthéacs fhorbairt an mholta chomhpháirtigh maidir le bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna a laghdú i mBá na Bioscáine (https://cc-sud.eu/wp-content/uploads/2026/05/Avis187-cetaces-0526-FR.pdf).

5 CETEI(2026). An 82ú tuarascáil iomlánach (STECF-PLEN-26-02), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2026, https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf_plen_26-02.

6 CITM (2023). Iarraidh ón Aontas maidir le bearta maolaithe chun foghabhálacha deilfeanna coiteanna (Delphinus delphis) a laghdú i mBá na Bioscáine (folimistéar 8 CITM), https://doi.org/10.17895/ices.advice.23515176.

CETEI dá aire go bhféadfaí na tionchair eacnamaíocha ar an gcabhlach iascaireachta a mhaolú agus comhlíonadh a chur chun cinn dá dtabharfaí isteach solúbthacht maidir le huainiú an iaimh, agus go bhfuil sé ríthábhachtach fógra luath a thabhairt d'údaráis na mBallstát faoi na tréimhsí iascaireachta a roghnaíodh chun dóthain ama a fhágáil chun na bearta rialaithe is gá a chur chun feidhme.

(7) D'admhaigh CETEI freisin go bhfuil feabhas mór curtha ag an taighde fairsing a rinneadh le blianta beaga anuas ar an tuiscint ar éiceolaíocht an speicis agus ar a idirghníomhú le hiascaigh, lena n-áirítear trí theorannú spásúil níos beaichte ar limistéir ardriosca. Thug sé dá aire freisin gur cosúil gur réiteach costéifeachtach iad córais faireacháin leictreonaigh a fhorbairt agus a thástáil chun sonraí iontaofa a bhailiú le cumhdach i bhfad níos leithne. Thug CETEI dá aire freisin nach gcumhdaítear leis na sonraí atá ar fáil ach an tréimhse suas le 2024 agus nach féidir teacht ar chonclúidí cinntitheacha a mhéid a bhaineann le héifeacht an iaimh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis uile is déanaí atá ar fáil maidir le gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna chun coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an iamh iascaireachta a mheas.

(8) Tar éis na comhairle ó CETEI, an 5 Lúnasa 2026, thug Grúpa Ardleibhéil Uiscí an Iardheiscirt an moladh comhpháirteach cothrom le dáta chun go bhféadfaí athbhreithniú féideartha a dhéanamh ar na bearta, bunaithe ar shonraí nua maidir le gabhálacha de thaisme nó ar aon chomhairle eolaíoch ábhartha nua.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú an 26 Lúnasa 2026.

(10) Measann an Coimisiún go gcuideoidh na bearta a mholtar sa mholadh comhpháirteach chun gabhálacha de thaisme de dheilfeanna coiteanna a laghdú i mBá na Bioscáine in 2027, cé nach bhfuil na bearta sin chomh dian céanna leis na bearta a mhol CITM.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir sin.

(12) Tá an Rialachán seo gan dochar do bhearta breise maidir leis an deilf choiteann agus céiticigh bheaga eile a chosaint a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear bearta i ndáil le forfheidhmiú Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[7] nó, i gcás mórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le bagairt thromchúiseach ar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara nó ar an éiceachóras muirí de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus bearta náisiúnta níos déine a fhéadfaidh na Ballstáit a ghlacadh chun na críche sin ina n-uiscí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Rialachán (AE) 2019/1241.

(13) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir. Ós rud é go rachaidh na bearta reatha in éag an 31

---

7 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

8 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

Nollaig 2026, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh chun leanúnachas dlí a áirithiú.

(14) Chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí agus d'údaráis rialaithe iascaigh a ngníomhaíochtaí a phleanáil agus na socruithe is gá a dhéanamh, ba cheart do mháistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais fógra a thabhairt maidir leis an tréimhse choiscthe go tráthúil sula gcuirfear tús leis an iamh sin.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*